**Admháil go bhfuarthas ilghearán CHAP (2013) 01917.**

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún faoi shárú a d'fhéadfadh a bheith déanta ar dhlí an Aontais Eorpaigh i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 1999/70/CE in earnáil phoiblí na Spáinne, go háirithe maidir le cás na státseirbhíseach atá ar chonarthaí sealadacha.

Mar gheall ar líonmhaireacht na ngearán atá faighte i ndáil leis an gceist seo, tá na gearáin sin athchláraithe ag an gCoimisiún faoi aon uimhir thagartha amháin, mar atá CHAP(2013)01917, agus caithfear leo mar ilghearán.

As seo amach, is ag an nasc seo thíos a fhoilseofar gach comhfhreagras ón gCoimisiún maidir le do ghearán.

https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/how-make-complaint-eu-level/joining-similar-complaints/decisions-multiple-complaints_ga

Déanfar na gearánaigh ar fad a chur ar an eolas tríd an leathanach gréasáin sin faoi thorthaí an scrúdaithe a dhéanfaidh an Coimisiún ar na gearáin agus faoi aon bhearta eile a chinnfidh sé a dhéanamh.